[View in browser]

08 Iúil 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 56







## SCOLÁIREACHTAÍ LE BRONNADH – FÍS

Tá FÍS - cúrsa samhraidh ar líne sna healaíona traidisiúnta, dírithe ar dhéagóirí idir 12-17 bliain d'aois, á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gcomhar le Stiúideo Cuan arís i mbliana. Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga ag tairiscint scoláireachtaí do bheirt dhéagóirí ón LPT le freastal ar an gcampa. Má tá tú idir 12-17 bliana d'aois agus suim agat sna hEalaíona Traidisiúnta, tapaigh do dheis! Seol ríomhphost chuig optchoisfharraige@gmail.com le hinseacht dúinn cén fáth gur mhaith leat freastal ar an gcampa iontach seo. Leagfar béim sa gcúrsa ar scileanna sna healaíona dúchasacha a úsáid le gearrscannán a chruthú. Beidh an cúrsa ar siúl ar feadh coicíse ón Luan 19 Iúil go dtí an Aoine 30 Iúil, chuile lá ó 9:30 r.n go 12:45 i.n Is féidir níos mó eolais ina thaobh a fháil ó Ealaín na Gaeltachta. Beidh an Fóram ag súil le hiarratas uait, a dhéagóir!






## FOLÚNTAS LE FÍBÍN SA TAIBHDHEARC

Fógraíodh le gairid go bhfuil stiúir á ghlacadh ag Fíbín ar An Taibhdhearc ar feadh tréimhse trí bliana. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó Theicneoirí

Amharclainne ar phost agus foireann á cur le chéile acu don Taibhdhearc. Caithfidh oiliúint agus cáilíochtaí cuí chomh maith le taithí ar a bheith ag obair sa réimse seo a bheith ag iarratasóirí. Beidh an té a cheapfar freagrach as obair theiciniúil na hamharclainne, riachtanais theicniúla na léiriúchán a chomhlíonadh agus cothú agus cóiriú ar threalamh na hamharclainne. Tá cumas Gaeilge riachtanach don phost dar ndóigh. Le hiarratas a dhéanamh, seol CV chuig le 'TEICNEOIR' sa mbosca ábhair roimh an Luan 12 Iúil @ 5 i.n.

## FÉILE TRAIDPHICNIC 2021

Comhghairdeas ó chroí le Féile Traidphicnic - féile den chéad scoth a bhí ar siúl an deireadh seachtaine seo caite agus í ag ceiliúradh deich mbliana ar an bhfód! Is féidir breathnú/éisteacht siar ar an gceol agus an spraoi ar chuntas na Féile ar Facebook: Féile Traidphicnic. Is iomaí físeán iontach atá ar fáil ann. Comhghairdeas le foireann na Féile, agus na ceoltóirí, na hamhránaithe, na healaíontóirí agus na damhsóirí a rinne obair na gcapall le tamall anuas ag réiteach lena aghaidh. Tá moladh ar leith tuillte ag ár gcairde i gClub Foghlaimeoirí Chois Fharraige as dráma a scríobh Máirín Mhic Lochlainn dóibh a réiteach agus a thaifeadadh. Is fiú go mór breathnú air. Maith sibh ar fad a chairde! Agus, is féidir t-léinte Traidphicnic a cheannach anois láithreach le spiorad na Féile a choinneáil beo go dtí go bhfilleann sí an bhliain seo chugainn. Is féidir an t-léine, atá deartha ag Jess Smith agus clóite ag An Spailpín Fánach a cheannach ar a gcuntas Facebook, nó is féidir teagmháil a dhéanamh le orladeburca.coillrua@gmail.com. Tá siad álainn, molann muid go mór daoibh ceann a cheannach agus a chaitheamh.








## CÚL CAMPA CLG

Tá Cúl Campa CLG ar ais don dara bhliain. Craolfar sé chlár a chuirfidh Cúl Campa fíorúil ar fáil le linn na tréimhse dúshlánaí seo. 'Sí Gráinne Bleasedale as Ros a' Mhíl i gCois Fharraige, a chuirfidh an clár i láthair. Is féidir breathnú ar na cláir @ 7:30 ar an Luan agus is féidir breathnú siar ar mhíreanna anseo.

## SPAISTEOIREACHT SAMHRAIDH

Tá spaisteoireacht Samhraidh á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta agus pacáiste

á thairiscint acu le tacú leis. Tá tairiscint á thabhairt do mhuintir na Gaeltachta taitneamh a bhaint as na siúlóidí Gaeltachta iontacha atá ar leic an dorais againn. Ba bhreá le Tuismitheoirí na Gaeltachta dá roinnfeadh an pobal a gcuid radharcanna ar na sléibhte, coillte 's cruacha, na gleannta, na cnoic 's portaigh mar aon le 'féinín' den teaghlach i mbun spraoi! Is féidir na grianghraif a sheoladh chuig 087 246 1685 ar WhatsApp. Le pacáiste spaisteoireachta a fháil, cláraigh go luath anseo. Tá hataí nua Thuismitheoirí na Gaeltachta le buachan freisin!

## LIOSTA TEAGMHÁLA FEIDHLÍ LINBH

An mbíonn tú ag tabhairt aire do pháistí? Ba mhaith linn cloisteáil uait má bhíonn! Tá liosta teagmhála á chur le chéile againn a bheidh úsáideach do theaghlaigh Chois Fharraige. Más mian leat go gcuirfí do chuid sonraí ann, déan teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com

## COMHGHAIRDEAS LE CÓGASLANN AN BHREATHNAIGH

Comhghairdeas ollmhór le Cógaslann Bhreathnach sa Spidéal. Bronnadh gradam gnó ar an gcógaslann le gairid. Ainmníodh Cógaslann Bhreathnach mar Business All-Star don tríú bliain as a chéile! Tá an gradam bunaithe ar chlár aitheantais náisiúnta agus ainmníodh an chógaslann mar thoradh ar aiseolas agus moladh ó shaineolaithe gnó. Maith sibh a chairde!

## GAELCHARA CHOIS FHARRAIGE 2021

Tá an scéim Gaelchara á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga agus tá spás nó dhó ar fáil fós. Tá foghlaimeoirí Gaeilge, agus cainteoirí líofa Gaeilge, atá lonnaithe i gCois Fharraige, ag teastáil le páirt a ghlacadh sa scéim. Oibreoidh an foghlaimeoir agus an cainteoir líofa in éindí lena chéile leis an nGaeilge a úsáid níos minicí sa mbaile agus sa bpobal. Bronnfar €250 an duine ar an fhoghlaimeoir agus ar an meántóir. Le páirt a ghlacadh sa scéim, nó le breis eolais a fháil, déan teagmháil le optchoisfharraige@gmail.com Féadfaidh beirt - foghlaimeoir agus cainteoir líofa - comh-iarratas a

dhéanamh nó is féidir le daoine aonair iarratais aonair a dhéanamh. Bí i dteagmháil!!

## MICHEÁL Ó CONGHAILE AG AN ÁRAS

Chuir an tUachtarán Mícheál D. Ó hUigínn fáilte roimh Mhicheál Ó Conghaile, bunaitheoir Chló Iar-Chonnacht go hÁras an Uachtaráin le gairid. Ceiliúradh a bhí ann ar an obair atá déanta ag Micheál ar son na foilsitheoireachta Gaeilge agus é ag seasamh síos tar éis 35 bliain mar cheannasaí ar Chló Iar-Chonnacht. Comhghairdeas a Mhichíl agus guíonn muid chuile rath ort sa saol nua agus leis na tionscadail nua atá romhat.



## COMÓRTAS LE GAELTACHT X

Tá comórtas TikTok á reáchtáil ag Gaeltacht X. Ainmneofar buaiteoirí gach seachtain agus bronnfar duaiseanna de luach €125 orthu chomh maith. Níl le déanamh ach @GaeltachtX a leanacht ar TikTok, do TikTok féin a dhéanamh agus clibeáil a dhéanamh orthu. Is féidir níos mó eolais a fháil ar a gcuntas TikTok: GaeltachtX. Fógrófar an chéad bhabhta buaiteoirí ar an Aoine 9ú Iúil. Bígí ag gníomhú agus go n-éirí libh!




Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite